# Leath a Aimsiú

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – codáin, patrúin agus gaolta<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• tosú a eagrú a gcuid oibre féin agus oibriú go córasach<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• obair s'acu a léiriú ar dhóigh shoiléir eagraithe, ag úsáid siombailí mar is cuí<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• bheith eolach ar dhóigheanna lena gcuid oibre féin a sheiceáil |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | iomlán amháin, leath, ceathrú, coibhéiseach le |
| **Áiseanna** | bataí Cuisenaire, Uirlís Cuisenaire Mol Mata, páipéar cearnógach $cm^2$, pinn luaidhe daite |

## Cur síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Roghnaigh an bata dearg ón bhosca Cuisenaire nó ón Uirlis Cuisenaire Mol Mata. Iarr ar na daltaí cé acu bata a dhéanann leath den bhata seo a shainaithint. Cuir an dá bhata bhána faoin bhata dhearg leis an rud seo a léiriú. Roghnaigh bataí eile le taispeáint go léirítear dhá leath i dteaglamaí difriúla. Mar shampla, is ionann dhá bhata bhuí agus bata oráiste amháin. Iarr ar na daltaí iad seo a léiriú leis na bataí agus go pictiúrtha. Taifead iad seo le seatanna scáileáin nó ar pháipéar $cm^2$.

### 2 Gníomhaíocht 2

Athdhéan agus sín Gníomhaíocht 1 chuig daltaí agus léirigh ceathrú amháin ar dhóigheanna éagsúla agus taifead iad seo leis an Uirlis Cuisenaire Mol Mata nó leis na bataí iad féin. Mar shampla, agus an bata corcra in úsáid, leag amach bataí dearga le dhá leath a léiriú agus ansin bataí bána le ceathrúna a léiriú. Taifead iad seo le seatanna scáileáin nó ar pháipéar $cm^2$.

### 3 Gníomhaíocht 3

Cruthaíonn daltaí patrúin nó pictiúir le bataí agus na gaolmhaireachtaí codáin a d'fhoghlaim siad in úsáid acu. Mar shampla, ní mór dóibh bata bán a úsáid gach uair a úsáideann siad bata dearg lena léiriú go seasann sé do leath. Ansin, cuireann siad síos ar a bpictiúr do chomhscoláire nó do ghrúpa, ag míniú cad chuige ar roghnaigh siad bataí de dhathanna difriúla. Ansin, labhraíonn siad faoi na gaolmhaireachtaí codáin difriúla léirithe ag an phictiúr nó ag luach iomlán an phictiúir nuair a shuimítear na codáin. Is féidir é seo a shíneadh ar chúpla dóigh, ceathrúna a úsáid nó nuair a chruthaíonn daltaí a gcuid patrún nó pictiúr. Taifead iad seo le seatanna scáileáin nó ar pháipéar $cm^2$.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cé acu dath bata is leath é den cheann seo?<br>• Cé acu dath bata is leath é den bhata ghlas?<br>• Más leath é an bata seo, cá mhéad de na bataí a bheadh de dhíth orainn le bheith ar comhfhad leis an cheann fhada?<br>• Cé acu de na bataí nach bhfuair muid comhpháirtithe dóibh? Cad chuige? | • Más leath é an bata dúghorm seo cé acu bataí is féidir linn a chomhcheangal leis an iomlán a dhéanamh?<br>• Cad é atá ar eolas againn faoi na gaolmhaireachtaí idir bataí Cuisenaire?<br>• Cad é a tharlóidh má shannann muid luachanna difriúla do bhataí difriúla?<br>• Cad é a tharlódh dá mba rud é go raibh an bata oráiste 100 in áit 10? |

## Difreáil

Socraigh líon na mbataí úsáidte le codáin a léiriú de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.